

# Cumann Liathróid Láimhe Micheál Breathnach ag Craobh Liathróid Láimhe an Domhain, 2018

*Mairéad Ní Thuathail*

**C**huile thrí bliana a bhíonn Craobh an Domhain sa liathróid láimhe ar siúl agus i mbliana is i Minnesota Mheiriceá a tionóladh an chomórtas. Seachtar ón gCumann a shocraigh dul in iomaíocht ar an stáitse is mó dá bhfuil ann sa spórt seo. Toghadh Frances Uí Churraoin ón gCumann mar Oifigeach Idirchaidrimh le foireann na hÉireann. Shroicheadar Minnesota trí lá roimh an gcomórtas – bíonn sé tábhachtach na cúpla lá sin a bheith agat le dul i dtaithí ar an aeráid agus ar an éifeacht a bhíonn aige ar luas na liathróide, na cúirteanna agus ár ndóigh an tuirse aerthurais.

Ceithre chód a imrítear agus thosaíomar leis an gcód 'Aon Bhalla'. Tá fás ollmhór tagtha ar an gcód seo le blianta beaga anuas agus tá an t-ádh linn go bhfuil halla Scoil Sailearna ar fáil don Chumann don traenáil seo. Chríochnaigh an comórtas le '40 x 20' singil agus dúbailte agus ár ndóigh tá pinniúr den scoth againn don traenáil, taobh le Páirc an Chnoic.

D'éirigh leis an gCumann 7 mbonn san iomlán a thabhairt ar ais go Cois Fharraige an geábh seo.

- \* Bonn óir sa ngrád 40 x 20, Mná faoi 23 bliana, singil a bronnadh ar **Ciana Ní Churraoin**, Coill Rua.
- \* Bhuaigh **Eimear Ní Bhiadha**, An Bóthar Buí, Craobh B Dúbailte san 'Aon Bhalla' agus sa '40 x 20' in éineacht lena páirtí Aisling Ní Mhaoláin, Inis Mór, chomh maith le bonn airgead sa ngrád 'Aon Bhalla', Mná 19 mbliana nó níos óige.
- \* Ba é **Eimhin Ó Diollúin**, Púirín, a thug leis an Craobh Buachaillí 17 mbliana nó níos óige 'Aon Bhalla', chomh maith le bonn airgid sa chomórtas dúbailte sa ghrád céanna.
- \* Ar dheireadh, bhuaigh **Cliona Ní Chonghaile**, Cor na Rón, bonn airgead sa ngrád '40 x 20' dúbailte

do chailíní 13 bliana nó níos óige, in éineacht lena páirtí Katie Ní Dhonnacha, Inis Mór.

Tá sé go deas boinn a gnóthachtáil ár ndóighe, ach is breá an rud é a bheith ag déanamh ionadaíochta don Chumann beag seo as Cois Fharraige, ag an leibhéal is airde.

Ní fhéadaimis freastal ar chomórtas den scála seo gan tacaíocht. Bhronn ár bpríomh-urraitheoir, Micheál Ó Foighil, 'Coláiste Lurgan', seit geansaithe nuadheartha ar iomaitheoirí an Chumainn agus bhronn Brian Curran 'Kilroe Plant Hire' hoodies ar chuile dhuine a bhí ag taisteal go Minnesota. Bhí feachtas bailiúcháin airgid ar bun againn féin freisin ar feadh 10 mí sular fhágamar i bhfoirm Comórtas 'Liathróid Bónais' – feachtas ar éirigh thar cionn leis. Freisin, thug riar mhaith eagraíochtaí eile tacaíocht airgeadais dúinn, a chabhraigh go mór.

Le cúnamh traenáilthe deonacha agus tacaíocht ó thuismitheoirí, coinneoidimid orainn ag forbairt scileanna agus ag gríosadh aos óg Chois Fharraige. Le cúnamh Dé, leanfar leis an traidisiún láidir atá sa cheantair sa spórt Gaelach seo. In Éirinn atá Craobh an Domhain 2021 agus beimid ag súil le neart ball a bheith páirteach ann. ■



*Micheál Ó Foighil, Coláiste Lurgan ag bronnadh seit gheansaithe nua-dheartha ar iomaitheoirí Craobh an Domhain 2018*  
**ó chl:** Feidhlim Ó Diollúin, Eimear Ní Bhiadha, Mike Dillon, Micheál Ó Foighil, Ciana Ní Churraoin, Cian Ó Conghaile,  
Eimhin Ó Diollúin agus Cliona Ní Chonghaile